

## CNCM Tasc Measúnaithe – Ábhar Spreagthach 2. Tras-scríbhinn

### Ag machnamh ar mo thaithí mar fhoghlaiméoir teanga

#### **CEIST: Cad iad na teangacha a labhrann tú?**

**Dalta 1:** ‘Siad na teangacha atá á fhoghlaim agamsa ná an Fhraincis agus an Ghearmáinis. Tá an Ghearmáinis á fhoghlaim agam ón gcéad bhliain agus an Fhraincis le trí bliana anuas.

**Dalta 2:** Foghlaimím an Fhraincis agus is breá liom é mar teanga... agus foghlaimím an Ghaeilge agus Béarla freisin. Ach is breá liom an Fhraincis.

**Dalta 3:** Foghlaimím an Ghearmáinis ar scoil agus labhraim Spáinnis sa bhaile.

#### **CEIST Cad a thug tú faoi deara faoin gcultúr agus tú ag foghlaim na teanga?**

**Dalta 2:** Nuair a chuaigh mé chuig an Fhrainc, bhí an-cuid cosúlachtaí ach bhí difríochtaí idir daoine Francacha agus daoine Éireannacha. Tá nósanna difriúla acu ach fós is daoine iad ag deireadh an lae agus tá na mothúcháin céanna acu. Tá deacrachtaí céanna acu. Tá an-cuid cosúlachtaí againne ‘s atá déagóirí Francach. Freisin, is breá liom bheith ag foghlaim faoi chultúr na teanga. Is maith liom féin an Stair agus ceapaim go bhfuil an stair taobh thiar den teanga tábhachtach le foghlaim. Déanann sé níos suimiúla é.

#### **CEIST: Cad a chabhraíonn leat teangacha a fhoghlaim?**

**Dalta 1:** Bhí roinnt cosúlachtaí idir an dá teanga, go háirithe le foghraíocht na Gaeilge. Cabhraíonn sé leis an ‘ch’, mar shampla, sa Ghearmáinis agus mar sin de. Bíonn sé cabhrach bheith ag éisteacht le daoine ón tír sin bheith á labhairt ionas go mbeadh an canúint nádúrtha á chloisint agat. Fiú na scannáin a chuir ar siúl as Fraincis nó as Gearmáinis agus na fotheidil a bheith sa teanga iasachta sin in ionad iad a bheith á léamh as Béarla. Is féidir leat nascadh a dhéanamh idir an focal atá á rá acu agus an focal a d’fhoghlaim tú ar scoil.

**Dalta 2:** Chuir an múinteoir Fraincise an-cuid amhráin Fraincise ar siúl agus bhí siad greammaithe i mo cheann ansin. Cluichí Fraincise, cluichí Gaeilge ‘s rudaí mar sin, Quizlet, Kahoot ‘s mar sin.

**Dalta 3:** Cabhraíonn féachaint ar cartúin leaná beaga sa Ghearmáinis mar tá sé Gearmáinis níos éasca agus tá sé níos éasca a thuiscint. Sa bhaile labhraim Spáinnis. Scríobhaim litreacha chuig mo cholceathracha, m’aintín nó m’uncail, cabhraíonn sé sin liom cleachtadh a dhéanamh ar mo Spáinnis.

**Dalta 1:** An tseachtain seo caite fiú, rinneamar taifead agus chuireamar ar line é. Bhí sé díreach taifead dúinn ag caint fúinn féin ach is maith liom bheith ag éisteacht tríd é arís agus ag éisteacht...

**Dalta 2:** ...an fhoghraíocht...

**Dalta 1:** an fhoghraíocht... agus ag foghlaim ó mo bhotúin féin freisin.

## CNCM Tasc Measúnaithe – Ábhar Spreagthach 2. Tras-scríbhinn

### **CEIST: Cén comhairle a chuirfeá ar dhuine faoi bheith an foghlaim teangacha?**

**Dalta 3:** Bhuel, rinne mé taifead roimh a chuaigh mé a choladh agus bhí mé ag labhairt as Gearmáinis... agus rinne mé taifead air le mo fón, ansin chuir mé cluasáin isteach agus d'éist mé leis roimh dul a choladh agus bhí sé i mo cheann.

**Dalta 2:** an t-am (a thabhairt) do...an cleachtadh a thabhairt do...déan é suimiúil le na cluichí, na hamhráin, na scannáin. Bíonn sé éasca an teanga a fhoghlaim nuair atá suim.

### **CEIST: Conas ar éirigh leat ag cruthú punainne?**

**Dalta 1:** Is féidir leat féachaint siar.. oh is cuimhin liom nuair a rinne mé 'pé rud é' agus foghlaimíonn tú ó do bhotúin chomh maith.

**Dalta 2:** Rud pearsanta faoi na rudaí a d'fhoghlaim mé. Tionscnamh scoile ab ea é ach cheap mé go raibh an-cuid baint pearsanta leis. Ní raibh aon e-phunann mar an gcéanna.